



**Oide**

Tacú leis an bhFoghlaim  
Ghairmiúil i measc Ceannairí  
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional  
Learning of School Leaders  
and Teachers

**Director of Leadership  
Oide  
Job Description and General Notes**

**1. Overview**

Oide currently has a full-time secondment opportunity for the position of Director of Leadership. The Director of Leadership, who may come from the Primary or Post-Primary sector, is a member of the senior management team and will report directly to the Managing Director of Oide and will assist the Managing Director in reporting to any relevant Oide Leadership steering structures. The director will be contracted on a secondment basis. Appointment to the role will be initially for the school year 2026/2027, with a possibility of further extensions available in line with organisation requirements and procedures for secondments as set out in Circular 0029/2018.

Oide is the cross-sectoral support service under the remit of the Teacher Professional Learning Section (TPLS) of the Department of Education and Youth (DEY) which supports the professional learning of primary and post-primary teachers and school leaders in all DEY recognised schools and centres of education in Ireland. Oide aims to foster a culture of continuing professional learning among teachers and school leaders as part of schools' ongoing development, encouraging lifelong learning, reflective and enquiry-based practices. The work of Oide contributes to school improvement by providing high quality professional learning experiences, supports and resources relating to curricular developments and broader educational goals and national priorities. The education centre network plays a key role in the work of the service and Oide works closely with the centres to support the schedule of Oide TPL events. Please see [Oide Website](#) for further details.

A Memorandum of Understanding is in place between the Department of Education and Youth, Oide, the Irish Primary Principals' Network (IPPN) and the National Association of Principals and Deputy Principals (NAPD) and. All parties share the common objective s that Oide will continue its mission to be a centre of excellence for enhancing school leadership capacity and the lead provider of supports to school leaders and aspiring school leaders. It will provide support and resources to schools engaged in School Self Evaluation (SSE). Its responsibility will extend across the continuum of leadership development commencing with pre-appointment training through to induction of newly appointed principals to continuous professional development throughout the leader's career. The leadership division will work collaboratively with other divisions to ensure that Oide offers comprehensive professional learning and support to school leaders particularly in leading on the roll out of curricular enactment/redevelopment/internal evaluation in primary and post-primary schools. The division will assist the Managing Director in reporting to any relevant Oide Leadership steering structures.

## **The functions and objectives of the Oide Leadership Division include to:**

- Lead, support, and advise on a strategic framework for a continuum of leadership development for schools.
- Foster a culture of engagement with professional learning among school leaders.
- Build on existing capacity and services and create new ones when required.
- Lead, support, and coordinate professional leadership programmes and supports for primary and post-primary schools, including Misneach, Tánaiste, Forbairt, and Comhar as well as the mentoring, coaching and endorsement programmes.
- Keep apprised with relevant research regarding school leadership and review and update the programmes to reflect current research and system requirements.
- Design, develop, and facilitate quality continuous professional learning for school leaders utilising innovative approaches in response to system needs and identified areas where there may be gaps in provision.
- Work collaboratively with the leadership division to ensure cohesion, consistency and high quality in the provision of professional learning for school leaders.
- Ensure adherence with Department policies, initiatives, frameworks, circulars and standards for school leadership.
- Ensure adherence to the Teaching Council's professional development framework, Cosán.
- Ensure compliance with the relevant Design and Quality Assurance Protocols and undertake quality assurance activities to include impact assessment and performance review on an ongoing basis.
- Work collaboratively with IPPN, NAPD, the Department and other education stakeholders/partners and providers as appropriate.

## **2. Job Description**

The Director of Leadership reports directly to the Managing Director of Oide and supports them by setting out, agreeing and delivering a strategic vision and goals for leadership professional learning to be provided by Oide during their tenure. The role includes:

- Working closely with the Managing Director of Oide, the Oide leadership coordinators and other Oide senior leaders in leading, managing, implementing and developing the work of Oide in line with the agreed strategic vision and goals.
- Maintaining an up-to-date awareness of national and international policy developments and research, good practice and innovative developments in school leadership and leading the development and piloting of new or adapted leadership supports within different school contexts.
- Contributing to research, information gathering and data management relevant to leadership practices to inform the work of Oide.
- Coordinate the identification of creation and provision of research-informed professional learning opportunities.
- Work closely with the Managing Director of Oide to provide policy advice on school leadership professional learning to the Department of Education and Youth and support the implementation of existing leadership policy.
- Develop and sustain effective collaborative arrangements with relevant stakeholders including Education Support Centres, Initial Teacher Education providers, the Teaching Council and all other relevant bodies in the Irish education system and, with relevant bodies in other jurisdictions.

- Lead, manage and develop the competencies and capacity of Leadership Division to ensure the most efficient use of school and Department of Education and Youth resources, including mentoring, capacity building in the Leadership team, performance management and HR functions.

**Note:** The responsibilities of the Director of Leadership may vary in accordance with emerging needs and priorities of Oide and/or the Oide Leadership Division and the priorities of the Department. As Oide is a nationwide service, the requirements of the role will require travel to meetings and training courses and/or evening work as necessary.

### **3. Range of knowledge, experience and skills**

#### **Required:**

- a proven track record of service as a principal or deputy principal, in a recognised primary or post-primary school, with a minimum of five years' experience in the role.
- demonstrated leadership skills, including at a strategic level, management, communication, and organisational skills with a proven track record of leading teams and leadership excellence in the four domains of Looking at our Schools (LAOS) detailed below:
  - Domain 1: Leading learning and teaching
  - Domain 2: Managing the organisation
  - Domain 3: Leading school development
  - Domain 4: Developing leadership capacity
- excellent interpersonal skills staff management and motivational skills, with a proven ability to lead and implement change within teams.
- knowledge and experience of teacher education and in the design and delivery of TPL currently available in the Irish education system including e.g. school self-evaluation, school improvement strategies and leadership development.
- experience in the provision of teacher professional learning including evidence of a capacity to mobilise and support teacher reflection, enquiry, and school-based research.
- knowledge of current and emerging educational and leadership issues within the Irish education system.
- ability to engage with national and international research related to the development of leadership in schools.
- evidence of personal commitment to continuing professional development, for example, a postgraduate qualification appropriate to the role of Director of Leadership.
- proficiency in governance and accountability functions including budgeting, financial reporting, data collection and report writing.
- a strong work ethic with a proven capacity to work independently while leading a team.

#### **Desired:**

- demonstrated project expertise with a proven ability to manage and deliver.
- competence in and willingness to work through Irish.
- experience of commissioning research.
- proficiency in digital technology and experience in the provision of on-line learning.

#### **4. Location**

- Administrative support for the work of the Director of Leadership, will be provided through Clare Education Support Centre and other Education Support Centres nationwide.
- The Director of Leadership is not required to be based in a specific Education Support Centre. However, as Clare Education Support Centre provides administrative support for the Leadership Division the role will require attendance at that location periodically. Regular regional and national travel is an essential part of the position.
- The Director of Leadership will be required to have their own means of transport and to possess and retain a full driving licence. Public Sector travel and subsistence rates will apply.

#### **5. Competition**

- This post is open to principals and deputy principals with a minimum of five years' experience in the role, in a recognised school, who are registered with the Teaching Council and who meet all relevant eligibility requirements.
- Any offer of appointment will only be made where it is considered that a suitable candidate for the post exists.
- The appointment is subject to the sanction of the DEY following an eligibility check. No definitive offer of appointment can be made before sanction is given.
- The appointment is on a secondment basis, subject to contract. The successful candidate will be appointed by secondment to NAPD or IPPN as appropriate, initially for the school year 2026/2027, with a possibility of further extensions available in line with organisation requirements and procedures for secondments as set out in Circular 0029/2018, and subject to approval by Teacher Professional Learning Section (TPLS).
- The contract will provide for an annual performance review which will be considered in the awarding of any extension.
- Health, sick leave and general work record must be satisfactory.

#### **6. Salary**

The successful candidate will be required to work exclusively for Oide and may not take on other employments for the period of their contract without the appropriate approval.

The successful candidate will retain their current school salary and principal/deputy principal allowance, as applicable.

The successful candidate must be available to take up the post on the date determined by the Department of Education and Youth. It is a matter for the appointee to secure the agreement of his/her school authority/Board of Management to be released to take up the post.

#### **7. How to apply**

Applications should be made by submission of a completed online application form available on the Oide website [www.oide.ie/recruitment](http://www.oide.ie/recruitment). Completed application forms must be received in electronic format and should be submitted by 5pm on 3 June, 2026 to [TPLS@Education.gov.ie](mailto:TPLS@Education.gov.ie)

Interviews will be held in person at a location to be confirmed as soon as possible after the closing date.

## **8. Selection Procedure**

- A selection committee will be established to carry out all aspects of the selection process.
- Shortlisting may apply.
- Interviews will be held in person at a location to be confirmed as soon as possible after the application closing date.
- It is the responsibility of the candidates to make themselves available for interview, if invited to attend. Candidates should note that it may not be possible to provide an alternative date.
- Those called for interview will be asked to make a 10-minute presentation to the interview panel focusing on the applicant's strategic vision for the position and the contribution they could make to the provision of school leadership professional learning across the primary and post-primary sector in Oide and to the development of Oide Leadership support programmes.
- A panel for the role of Director of Leadership may be formed from which current and future vacancies may be filled to ensure that the senior management team in Oide Leadership is representative of both school sectors.

**Stiúrthóir Ceannaireachta  
Oide  
Sainchuntas Poist agus Nótaí Ginearálta**

**1. Forléargas**

Tá deis lánaimseartha ar iasacht ag Oide faoi láthair le haghaidh an ról *Stiúrthóir Ceannaireachta*. Tá an Stiúrthóir Ceannaireachta, arb as an Eanáil Bunscoile nó as an Eanáil Iar-bhunscoile, ina bhall den fhoireann bainistíochta sinsearaí agus beidh ag obair go díreach faoi Stiúrthóir Bainistíochta Oide agus cabhróidh leis an Stiúrthóir Bainistíochta chun bheith freagrach do struchtúir stiúrtha ábhartha ar bith ag Ceannaireacht *Oide*. Beidh ceangal conartha ar an stiúrthóir ar bhonn iasachta. Beidh an ceapachán sa ról ar feadh na scoilbhliana 2026/2027, ar dtús, agus beidh seans de shíneadh breise ar fáil de réir riachtanais na heagraíochta agus de réir na nósanna imeachta le haghaidh iasachtaí mar atá leagtha amach i giorclán 0029/2018.

Seirbhís tacaíochta trasearnála um fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí is ea Oide atá faoi shainchúram na Rannóige um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (RFGM) sa Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ) a sholáthraíonn an tseirbhís tacaíochta maidir le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus ceannairí bunscoile agus iar-bhunscoile agus i ngach scoil aitheanta agus ionad oideachais aitheanta in Éirinn. Tá sé mar aidhm ag Oide cultúr foghlama gairmiúla leanúnach a chothú i measc múinteoirí agus ceannairí scoile mar chuid d'fhorbairt leanúnach na scoileanna, a spreagann foghlaim ar feadh an tsaoil, cleachtais athmhachnamhacha agus cleachtais ar bhonn fiosraithe. Cuireann obair *Oide* le feabhsú scoile trí eispéiris, ábhair thacaíochta agus acmhainní foghlama gairmiúla atá ar ardchaighdeán a sholáthar a bhaineann le forbairtí curaclaim agus le spriocanna oideachais agus tosaíochtaí náisiúnta níos leithne. Bíonn ról tábhachtach ag gréasán na n-ionad oideachais in obair na seirbhíse agus oibríonn Oide go dlúth leis na hionaid chun tacú le sceideal imeachtaí FGM Oide. Féach ar Shuíomh Gréasáin Oide le haghaidh a thuilleadh sonraí.

Tá meabhrán tuisceana i bhfeidhm idir an Roinn Oideachais agus Óige, Líonra Príomhoidí Bunscoile Éireann (IPPN) agus Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD). Tá an comhchuspóir céanna ag gach páirtí, is é sin go leanfaidh *Oide* lena mhisean a bheith ina ionad barr feabhais chun cur le cumas ceannaireachta scoile agus a bheith ina príomhsholáthraí tacaíochtaí do cheannairí scoile agus dóibh siúd a bhfuil rún acu a bheith ina gceannaire scoile. Cuirfidh sé tacaíocht agus acmhainní ar fáil do scoileanna a thugann faoi Fhéinmheastóireacht Scoile (FMS). Tá freagracht ag Oide ar an gcontanam forbartha ceannaireachta, ón oiliúint réamhcheapacháin ina thosach go hionduchtú príomhoidí nuacheaptha agus ar aghaidh go dtí forbairt ghairmiúil leanúnach ar feadh ghairm an cheannaire. Oibreoidh rannán na ceannaireachta i gcomhar le rannáin eile lena chinntiú go gcuireann Oide foghlaim ghairmiúil agus tacaíocht chuimsitheach ar fáil do cheannairí scoile, go háirithe maidir le ceannaireacht ar chur i bhfeidhm feidhmiú curaclaim / athfhorbartha / measúnacht inmheánach i scoileanna bunscoile agus iar-bhunscoile. Cabhróidh an rannán leis an Stiúrthóir Bainistíochta chun bheith freagrach do struchtúir stiúrtha ábhartha ar bith ag Ceannaireacht Oide.

**Cuimsítear i bhfeidhmeanna agus cuspóirí Rannán na Ceannaireachta Oide an méid seo a leanas:**

- Bheith i gceannas ar chreatlach straitéiseach le haghaidh contanam forbartha ceannaireachta do scoileanna, tacú léi, agus comhairle a thabhairt ina taobh.
- Cultúr rannpháirtíochta maidir le foghlaim ghairmiúil a chothú i measc ceannairí scoile.
- Cur le hacmhainn agus seirbhísí reatha agus cinn nua a chruthú de réir mar is gá.
- Cláir ceannaireachta gairmiúla agus tacaíochtaí do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna a threorú, a chomhordú, agus tacú leo, lena n-áirítear *Misneach*, *Tánaiste*, *Forbairt*, agus *Comhar* chomh maith leis na cláir mheantóireachta, choitseála, agus formhuinthe.
- Coimeád ar an eolas faoi thaighde ábhartha maidir le ceannaireacht scoile agus athbhreithniú a dhéanamh ar chláir agus iad a nuashonrú mar gheall ar thaighde reatha agus riachtanais an chórais.
- Foghlaim ghairmiúil leanúnach atá ar ardchaighdeán is atá do cheannairí scoile a cheapadh, a fhorbairt, agus a éascú, ag baint úsáid as cuir chuige nuálacha de réir riachtanais an chórais agus réimsí aitheanta ina bhfuil bearnaí ó thaobh soláthair de.
- Oibriú i gcomhar le rannán na ceannaireachta lena chinntiú go bhfuil comhtháthú, comhleanúnachas agus ardchaighdeán ann i soláthar foghlama gairmiúla do cheannairí scoile.
- A chinntiú go bhfuiltear ag cloí le beartais, tionscnaimh, creatlaí, ciorcláin, agus caighdeán do cheannaireacht scoile ón Roinn.
- A chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an gcreatlach maidir le forbairt ghairmiúil ón gComhairle Mhúinteoireachta, is é sin *Cosán*.
- A chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na bPrótacal ábhartha maidir le Dearadh agus Dearbhú Cáilíochta agus ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta lena n-áirítear measúnacht tionchair agus athbhreithniú feidhmíochta ar bhonn leanúnach.
- Oibriú i gcomhar leis an IPPN, NAPD, an Roinn agus le comhpháirtithe/ páirtithe leasmhara agus soláthraithe eile san oideachas de réir mar is cuí.

## 2. Sainchuntas Poist

Tá an Stiúrthóir Ceannaireachta ag obair go díreach faoin Stiúrthóir Bainistíochta *Oide* agus tacaíonn leo trí fhís straitéiseach agus trí chuspóirí le haghaidh foghlaim ghairmiúil a sholáthróidh Oide ar cheannaireacht le linn a tréimhse a leagan amach, a chomhaontú, agus a sholáthar. Cuimsítear an méid seo a leanas sa ról:

- Oibriú go dlúth leis an Stiúrthóir Bainistíochta Oide, na comhordaitheoirí ceannaireachta *Oide*, agus ceannairí sinsearacha eile in *Oide* chun obair *Oide* a threorú, a bhainistiú, a chur i bhfeidhm, agus a fhorbairt de réir na físe agus na gcuspoirí straitéiseacha aontaithe.
- A fheasacht ar fhorbairtí beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar thaighde, dea-chleachtas agus ar fhorbairtí nuálacha sa cheannaireacht scoile a choimeád suas chun dáta agus, maidir le thacaíochtaí ceannaireachta oiriúnaithe nó nua, bheith i gceannas ar a bhforbairt agus ar a dtriail phíolótach laistigh de chomhthéacsanna scoile éagsúla.
- Cur le taighde, bailiú faisnéise agus bainistíocht sonraí a bhaineann le cleachtas ceannaireachta chun eolas a dhéanamh le haghaidh obair *Oide*.
- Comhordú a dhéanamh ar dheiseanna foghlama gairmiúla ar bhonn taighde a aithint, a chruthú agus a sholáthar.
- Oibriú go dlúth leis an Stiúrthóir Bainistíochta *Oide* chun comhairle beartais, a bhaineann le foghlaim ghairmiúil ar cheannaireacht scoile, a sholáthar don Roinn Oideachais agus Óige agus tacú le cur i bhfeidhm beartas ceannaireachta reatha.

- Socruithe comhoibríocha éifeachtacha a fhorbairt agus a choimeád le páirtithe leasmhara lena n-áirítear Ionaid Tacaíochta Oideachais, soláthraithe Oideachais Thosaigh Múinteoirí, an Chomhairle Mhúinteoireachta, agus gach comhlacht cuí eile i gcóras oideachais na hÉireann, agus a fhorbairt is a choimeád le comhlachtaí cuí eile in údaráis eile.
- Inniúlachtaí agus acmhainn Rannán na Ceannaireachta a threorú, a bhainistiú, agus a fhorbairt lena chinntiú go mbaintear an úsáid is mó éifeachtach as acmhainní scoile agus acmhainní na Roinne Oideachais agus Óige, rud a chuimsíonn an mheantóireacht, tógáil acmhainne san fhoireann Ceannaireachta, bainistíocht feidhmíochta agus feidhmeanna AD.

**Tabhair do d'aire:** D'fhéadfadh dualgais an Stiúrthóra Ceannaireachta a athrú de réir mar a thiochfaidh riachtanais agus tosaíochtaí Oide agus/nó Rannán na Ceannaireachta Oide chun cinn, agus de réir thosaíochtaí na Roinne. Seirbhís náisiúnta is ea Oide, agus mar gheall air sin, de réir riachtanais an phoist ní mór taisteal go cruinnithe agus go cúrsaí teagaise agus/nó ní mór obair thráthnóna de réir mar is gá.

### 3. An raon eolais, taithí agus scileanna

#### Riachtanach:

- dea-theist ar a seirbhís mar phríomhoide nó príomhoide tánaisteach, i mbunscoil nó in iar-bhunscoil aitheanta, agus taithí cúig bliana acu sa ról.
- Cruthaithe acu go bhfuil scileanna ceannaireachta acu, lena n-áirítear ag leibhéal straitéiseach, agus cruthaithe acu go bhfuil scileanna eagrúcháin, cumarsáide, bainistíochta acu agus dea-theist orthu ar threorú foirne agus ar bharr feabhais sna ceithre réimse ceannaireachta as Ag Breathnú ar an Scoil Againne (ABSA) mar atá thíos:
  - Réimse 1: Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc
  - Réimse 2: An eagraíocht a bhainistiú
  - Réimse 3: Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile
  - Réimse 4: Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt
- scileanna idirphearsanta, scileanna bainistithe foirne, scileanna spreagúla den chéad scoth, agus cruthaithe acu go féidir leo athrú a chur i bhfeidhm i bhfoirne.
- eolas agus taithí acu ar oideachas múinteoirí agus ar dhearadh agus soláthar FGM atá ar fáil i gcóras oideachais na hÉireann faoi láthair, lena n-áirítear, mar shampla, féinmheastóireacht scoile, straitéisí feabhsúcháin scoile, agus forbairt ceannaireachta.
- taithí acu ar fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí a sholáthar, lena n-áirítear fianaise ar a gcumas athmhachnamh, fiosrú agus taighde scoilbhunaithe múinteoirí a spreagadh agus tacú leo.
- eolas acu ar shaincheisteanna oideachais agus ceannaireachta atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn i gcóras oideachais na hÉireann.
- inniúlacht chun taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le forbairt ceannaireachta i scoileanna a chur san áireamh.
- fianaise ar thiomantas pearsanta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, mar shampla cáilíocht iarchéime acu a thagann le ról an Stiúrthóra Ceannaireachta.
- inniúlacht i bhfeidhmeanna cuntasachta agus rialachais, lena n-áirítear buiséadú, tuairisciú airgeadais, bailiú sonraí, agus scríbhneoireacht tuarascálacha.
- eitic oibre láidir agus cruthaithe go maith acu go bhfuil an cumas acu oibriú go neamhspleách agus iad i mbun foirne.

#### Inmhianaithe:

- saineolas tionscadail atá léirithe acu agus cruthaithe go maith acu go bhfuil cumas bainistíochta agus soláthair acu.
- inniúlacht sa Ghaeilge agus toilteanas acu oibriú trí mheán na Gaeilge.
- taithí acu ar thaighde a choimisiúnú.
- inniúlacht sa teicneolaíocht dhigiteach agus taithí acu i soláthar foghlama ar líne.

#### 4. Láthair

- Cuirfear ar fáil tacaíocht riaracháin le haghaidh obair an Stiúrthóra Ceannaireachta trí Ionad Tacaíochta Oideachais an Chláir agus Ionaid Tacaíochta Oideachais eile ar fud na tíre.
- Níl sé riachtanach go bhfuil an Stiúrthóir Ceannaireachta bunaithe in Ionad Tacaíochta Oideachais ar leith. Toisc go gcuireann Ionad Tacaíochta Oideachais an Chláir tacaíocht riaracháin ar fáil don Rannán Ceannaireachta, áfach, sa ról is gá bheith i láthair ann go tréimhsiúil. Tá taisteal náisiúnta agus réigiúnach rialta ina chuid riachtanach den ról.
- Ní mór don Stiúrthóir Ceannaireachta a modh iompair féin a bheith acu agus láncheadúnas tiomána a bheith acu agus a choimeád. Beidh rátaí taistil agus cothaithe de chuid an Earnála Poiblí i bhfeidhm.

#### 5. An Comórtas

- Glacfar le hiarratais ó phríomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha a bhfuil taithí cúig bliana sa ról acu ar a laghad, i scoil aitheanta, atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus a chomhlíonann gach riachtanas incháilitheachta a bhaineann le hábhar.
- Ní dhéanfar aon tairiscint cheapacháin ach sa chás go gceaptar gurb ann d'iarrthóir atá oiriúnach le haghaidh an phoist.
- Tá an ceapachán faoi réir chead an ROÓ i ndiaidh seiceáil ar incháilitheacht. Ní féidir tairiscint cheapacháin atá cinnte a dhéanamh sula dtabharfaí an cead sin.
- Tá an ceapachán seo ar bhonn iasachta, faoi réir conartha. Beidh an té a cheapfar ar bhonn iasachta ag NAPD nó IPPN de réir mar is cuí, ar feadh na scoilbhliana 2026/2027, ar dtús, agus beidh seans de shíneadh breise ar fáil de réir riachtanais na heagraíochta agus de réir na nósanna imeachta le haghaidh iasachtaí mar atá leagtha amach i gcioclán 0029/2018, agus de réir cead ó Rannán um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (RFGM).
- Tá foráil sa chonradh le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta bliantúil, rud a chuirfear san áireamh nuair a bhronnfar aon síneadh.
- Bíodh an tsaoire ar bhonn sláinte, an tsaoire bhreiteachta, agus an tuairisc oibre ginearálta sásúil.

#### 6. Tuarastal

Ní mór don té a cheapfar oibriú do *Oide* amháin agus níl cead acu glacadh le fostaíochtaí eile ar feadh thréimhse an chonartha gan faomhadh cuí.

Coimeádfaidh an té a cheapfar a tuarastal scoile reatha agus liúntas príomhoide / liúntas príomhoide thánaistigh, de réir mar is cuí.

Ní mór don té a cheapfar a bheith in ann tosú sa phost ar an dáta arna bheartú ag an Roinn Oideachais agus Óige. Is faoin iarratasóir a n-éireoidh leo comhaontú a n-údarais scoile / a mBord Bainistíochta a fháil chun iad a scaoileadh saor chun glacadh leis an bpost.

## 7. Conas iarratas a dhéanamh

Ní mór iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais ar líne, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Oide, a líonadh agus a chur isteach. [www.oide.ie/recruitment](http://www.oide.ie/recruitment). Ní mór foirmeacha iarratais a fháil i bhformáid leictreonach agus ba cheart é a chur isteach faoi 5pm ar an 3 Meitheamh, 2026 chuig [TPLS@Education.gov.ie](mailto:TPLS@Education.gov.ie)

Reáchtálfar agallaimh i bpearsa ag láthair atá le deimhniú chomh luath agus is féidir tar éis an dáta deiridh atáthar ag glacadh le hiarratais.

## 8. Nós Imeachta Roghnúcháin

- Cuirfear coiste roghnúcháin ar bun chun gach gné den phróiseas roghnúcháin a chur i gcrích.
- Is féidir go mbeidh gearrliostáil i bhfeidhm.
- Reáchtálfar agallaimh i bpearsa ag láthair atá le deimhniú chomh luath agus is féidir tar éis an dáta deiridh le haghaidh iarratas.
- Tá sé de fhreagracht ar na hiarrthóirí iad féin a chur ar fáil le haghaidh agallaimh, má thugtar cuireadh dóibh freastal ar a leithéid. Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara gur féidir nach mbeidh sé indéanta dáta eile a chur ar fáil.
- Iarrfar ar iarrthóirí a ghlaitear chun agallaimh cur i láthair deich nóiméad a dhéanamh i láthair an phainéil agallaimh ina ndírítear ar fhís straitéiseach an iarrthóra maidir leis an ról agus an t-ionchur is féidir leo a dhéanamh do sholáthar foghlaim ghairmiúil ar cheannaireacht ghairmiúil thar an éarnáil bunscoile agus iar-bhunscoile in *Oide* agus an t-ionchur is féidir leo a dhéanamh maidir le cláir tacaíochta ceannaireachta in *Oide* a fhorbairt.
- Is féidir go gcuirfí painéal le chéile le haghaidh an róil, is é sin Stiúrthóir Ceannaireachta, as arbh fhéidir folúntais reatha agus folúntais amach anseo a líonadh lena chinntiú go bhfuil ionadaíocht chuí an dá éarnáil scoile ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí i gCeannaireacht *Oide*.